



An Chomhairle Eorpach

An Bhruiséil, 28 Meitheamh 2018
(OR. en)

EUCO 9/18

CO EUR 9
CONCL 3

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Cruinniú den Chomhairle Eorpach (28 Meitheamh 2018) – Conclúidí

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcrúinniú thuasluaite.

I. AN IMIRCE

1. Is mian leis an gComhairle Eorpach a athdhearbhú nach féidir beartas feidhmiúil imirce a bheith ag an Aontas gan cur chuige cuimsitheach a bheith ann i leith na himirce, beartas a chuimsíonn rialú níos éifeachtaí ar theorainneacha seachtracha an Aontais, níos mó den ghníomhaíocht sheachtrach, maille leis na gnéithe inmheánacha a bhaineann leis an gceist, agus sin a bheith i gcomhréir le prionsabail agus luachanna an Aontais. Ní le haon Bhallstát ar leith an dúshlán sin ach leis an Eoraip trí chéile. Ó 2015 i leith, táthar tar éis roinnt mhaith beart a leagan síos d'fhonn rialú éifeachtach ar theorainneacha seachtracha an Aontais a bhaint amach. Dá bharr sin, tá laghdú 95% tagtha ar líon na dtrasnuithe neamhdhleathacha teorann isteach san Aontas le hais mar a bhí i mí Dheireadh Fómhair 2015, an tráth ab airde an líon sin, bíodh is go bhfuil borradh faoi na sreabha ar bhealach na Meánmhara Thoir agus ar bhealach na Meánmhara Thiar le scaitheadh.
2. Is é tiomantas na Comhairle Eorpaí leanúint den bheartas sin agus é a threisiú ionas nach dtarlódh arís, mar a tharla in 2015, sreabha gan srian, agus go gcuirfear srian breise ar an imirce neamhdhleathach feadh gach bealach chun na hEorpa arb ann dó agus gach bealach nach ann dó fós.
3. I dtaca le Bealach na Meánmhara Láir, ba cheart géarú ar an dua chun stop a chur leis na smuigléirí sin arb í an Libia nó aon áit eile is port imeachta dóibh. Seasfaidh an tAontas, anois is feasta, leis an Iodáil agus le Ballstáit túslíne nach iad i dtaca leis an méid sin. Cuirfidh sé dlús leis an tacaíocht a thugann sé do réigiún na Saiheile, do Gharda Cóta na Libia, do na pobail cois cósta agus do na pobail ó dheas, do dhálaí glactha daonnachtúla, don fhilleadh deonach daonnúil, don chomhar leis na tíortha eile tionscnaimh agus idirthurais, agus don athlonnú deonach. Ní mór do gach ártach a bheidh ag feidhmiú sa Mheánmhuir na dlíthe is infheidhme a urramú agus gan teacht salach ar oibríochtaí Gharda Cóta na Libia.

4. Maidir le Bealach na Meánmhara Thoir, ní mór tuilleadh a dhéanamh chun an Ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc a chur chun feidhme ina iomláine, trasnuithe nua as an Tuirc a chosc, agus stop a chur leis na sreabha. Ní mór an comhaontú um athligeran isteach idir an tAontas agus an Tuirc, mar aon leis na comhaontuithe déthaobhacha um athligeran isteach, a chur chun feidhme ina n-iomláine ar bhealach nach ndéanfaidh idirdhealú i measc na mBallstát. Ní mór tuilleadh a dhéanamh agus é a dhéanamh go beo, chun a áirithiú go ndéantar daoine a fhilleadh gan mhoill agus chun a áirithiú nach mbunaítear bealaí nua imirce ar muir ná ar tír. I dtaca le faisnéis a mhalartú faoi shreabha imirce, an imirce neamhdhleathach a chosc, acmhainneachtaí a mhéadú i dtaca le cosaint teorann, agus na nósanna imeachta um fhilleadh agus athligeran isteach a fheabhsú, is den chéad riachtanas, anois agus feasta, an comhar agus an cúnamh le comhpháirtithe an Aontais i réigiún na mBalcán Thiar. I bhfianaise an mhéadaithe mhóir a tháinig le déanaí ar na sreabha sa Mheánmhuir Thiar, tabharfaidh an tAontas tacaíocht airgid agus eile do na Ballstáit, go háirithe don Spáinn, agus do na tíortha tionscnaimh agus idirthurais, go háirithe Maracó, chun an imirce neamhdhleathach a chosc.
5. Má táthar le samhail ghnó na smuigléirí a smiotadh go buan, agus teacht idir daoine agus tonn a dtubaiste, caithfear a áirithiú nach mbeidh na daoine sin á ngríosú le cos a chur ar chosán na contúirte. Chuige sin, teastaíonn cur chuige nua – bunaithe ar ghníomhaíochtaí comhroinnte nó comhlántachta i measc na mBallstát – i leith dhíbhordáil na ndaoine sin a thugtar slán in oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála. Ós mar sin atá, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún féachaint gan mhoill ar choincheap na n-ardán réigiúnach díbhordála, i ndlúthchomhar leis na tríú tíortha ábhartha agus le UNHCR agus IOM. Is ceart do na hardáin sin caitheamh le gach cás ina cháil sainiúil féin, an dlí idirnáisiúnta a urramú ina iomláine, agus gan toisc a chruthú a tharraingeodh daoine chun na hEorpa.
6. Maidir leo siúd a tharrálfar laistigh de chríoch an Aontais, faoin dlí idirnáisiúnta, is ceart iad a ghabháil ar láimh, ar bhonn na hiarrachta comhroinnte, trína n-aistriú i lárionaid rialaithe arna gcur ar bun sna Ballstáit, ar bhonn deonach amháin; d'fhéadfaí trí bhíthin próiseáil mhear sheasmhach, le tacaíocht iomlán an Aontais, idirdhealú idir imircigh neamhrialta – a fhillfear – agus iad siúd atá i ngátar na cosanta idirnáisiúnta arb é prionsabal na dlúthpháirtíochta is infheidhme ina leith. Is ar bhonn deonach a dhéanfar na bearta ar fad a bhaineann leis na lárionaid rialaithe sin, lena n-áirítear athlonnú agus athshocrú, gan dochar don athbhreithniú atá beartaithe do Rialachán Bhaile Átha Cliath.

7. Tá tagtha ag an gComhairle Eorpach ar chomhaontú i dtaca leis an dara tráinse den tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc a scaoileadh agus, ag an am céanna, €500 milliún a aistriú as an 11^ú Ciste Eorpach Forbraíochta chuig Ciste Iontaobhais an Aontais Eorpaigh don Afraic. Ina theannta sin, iarrtar ar na Ballstáit rannchuidiú a thuilleadh le Ciste Iontaobhais an Aontais Eorpaigh don Afraic ionas go ndéanfar é a athshlánú.
8. Chun dul i ngleic leis an méid is príomhchúis le fadhb na himirce, ní mór comhpháirtíocht a bheith ann leis an Afraic lena ndíreofar ar mhórchlaohlú socheacnamaíoch a dhéanamh ar ilchríoch na hAfraice, a mbeidh mar bhunús ag an gcomhpháirtíocht sin na prionsabail agus na cuspóirí mar a shainigh tíortha na hAfraice iad, i gClár Oibre 2063 uathu. Ní mór don Aontas Eorpach agus na Ballstáit an dúshlán sin a ghabháil orthu féin. Is gá dúinn oiread an chomhair a dhéanaimid leis an Afraic agus cáilíocht an chomhair sin a mhéadú as cuimse. Ní hamháin go mbeidh gá le cistiú forbraíochta a mhéadú ach beidh gá freisin le bearta a dhéanamh d'fhonn creat nua a chruthú lena gcumasófar méadú suntasach san infheistíocht phríobháideach a thagann ó mhuintir na hAfraice agus ó mhuintir na hEorpa araon. Is ceart béim ar leith a leagan ar na réimsí seo: an t-oideachas, an tsláinte, cúrsaí bonneagair, an nuálaíocht, an dea-rialachas, agus cumhachtú na mban. Is í an Afraic ár gcomharsa agus ní mór an méid sin a léiriú trí níos mó den mhalartú agus den teagmháil a chur ar bun idir muintir an dá ilchríoch ar gach leibhéal de chuid na sochaí sibhialta. Is gné thábhachtach den chaidreamh atá idir an tAontas agus an Afraic an comhar. Is mian leis an gComhairle Eorpach go ndéanfaí an comhar sin a fhorbairt a thuilleadh agus a chur chun cinn.
9. I gcomhthéacs an chéad Chreata Airgeadais Ilbhliantúil eile, cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis go gcaithfidh ionstraimí solúbtha a bheith ann, a fhágfaidh go bhféadfar íocaíocht amach mhear a dhéanamh, chun dul i ngleic leis an imirce neamhdhleathach. Ba cheart, dá bhrí sin, a áireamh sna gcistí don tslándáil inmheánach, don bhainistíocht chomhtháite teorainneacha, don tearmainn agus don imirce gnéithe dílse suntasacha do bhainistiú na himirce seachtraí.
10. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach nach mór do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar, agus tacaíocht airgeadais agus tacaíocht ábhartha a fháil acu ón Aontas, rialú éifeachtach ar theorainneacha seachtracha an Aontais. Ina theannta sin, cuireann sí i dtreis go gcaithfear dlús suntasach a chur le filleadh éifeacht na n-imirceach neamhrialta. I ndáil leis an méid sin, ní mór an ról tacaíochta atá ag FRONTEX, lena n-áirítear an comhar le tríú tíortha, a neartú a thuilleadh, trí acmhainní breise a chur ar fáil agus an sainordú atá aige a fheabhsú. Is díol sásaimh di go bhfuil rún ag an gCoimisiún tograí reachtacha a ullmhú ionas go mbeidh beartas an Aontais um fhilleadh níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí.

11. I dtaca le cúrsaí laistigh den Aontas, is mór an baol do shláine an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn agus *acquis* Schengen gluaiseachtaí tánaisteacha lucht iarrtha tearmainn ó Bhallstát go Ballstát. Ba cheart do na Ballstáit pé bearta inmheánacha reachtacha agus riaracháin a ghlacadh is gá chun na gluaiseachtaí sin a stopadh agus dlúthchomhar a dhéanamh le chéile chun na críche sin.
12. I dtaca leis an athchóiriú ar Chomhchóras Eorpach Tearmainn, táthar tar éis cuid mhaith a bhaint amach a bhuí le síor-iarrachtaí Uachtaránacht na Bulgáire agus na n-uachtaránachtaí a bhí ann roimpi. Tá roinnt comhad geall le bheith tugtha chun críche. Is gá teacht ar chomhthoil maidir le Rialachán Bhaile Átha Cliath d'fhonn é a athchóiriú bunaithe ar chothromaíocht idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht, agus iad siúd a ndearnadh iad a dhíbhortáil i ndiaidh oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála á gcur san áireamh. Caithfear tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh freisin ar an togra maidir le Níosanna Imeachta Tearmainn. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach gur gá teacht ar réiteach gasta maidir leis an bpacáiste iomlán agus iarrann sí ar an gComhairle leanúint den obair chun sin a thabhairt chun críche a luaithe is féidir. Tabharfar tuarascáil ar an dul chun cinn le linn Chomhairle Eorpach mhí Dheireadh Fómhair.

II. SLÁNDÁIL AGUS COSAINT

13. Ní mór don Eoraip níos mó den fhreagracht a ghlacadh uirthi féin as a slándáil féin, agus bonn ceart a chur faoina ról mar ghníomhaí agus mar chomhpháirtí barántúil iontaofa i réimse na slándála agus na cosanta. Dá bhrí sin, tá céimeanna á nglacadh ag an Aontas chun an chosaint Eorpach a stóinsiú trí fheabhas a chur ar an infheistíocht i gcúrsaí cosanta, ar fhorbairt acmhainne, agus ar an ullmhacht oibríochtúil. Fágann na tionscnaimh sin, ar comhlánú agus treisiú ar ghníomhaíochtaí ECAT iad, gur fearrde neamhspleáchas straitéiseach an Aontais, rud atá i gcomhréir leis na conclúidí a glacadh roimhe seo. Déanann an Chomhairle Eorpach an méid seo a leanas:
 - iarrann sí go gcomhlíonfaí na gealltanais maidir le PESCO, go ndéanfaí tuilleadh forbartha ar na tionscadail bhunaidh agus ar an gcreat institiúideach, ar shlí a bheadh i gcomhréir iomlán leis an Athbheithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint, agus leis an bPlean Forbraíochta um Chumas (arna leasú), a glacadh faoi chuimsiú na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint. Déanfar tacar nua tionscadal a chomhaontú i mí na Samhna 2018. Iarrann sí ar an gComhairle cinneadh a dhéanamh maidir leis na coinníollacha faoina bhféadfadh tríú stáit a bheith rannpháirteach i dtionscadail PESCO;

- is díol sásaimh di an dul chun cinn atá déanta, faoi chuimsiú PESCO agus an chomhair idir an tAontas agus ECAT, i dtaca leis an tsoghluaisteacht mhíleata, agus tá sí ag súil go gcuirfear bailchríoch anois ar na riachtanais mhíleata atá i bPlean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis an tsoghluaisteacht mhíleata; iarrann sí ar na Ballstáit a gcuid rialacha agus nósanna imeachta ábhartha a shimpliú agus a chaighdeánú faoin mbliain 2024. Treiseoidh na hiarrachtaí sin a chéile; tabharfaidh siad lánurraim do cheannasacht na mBallstát; agus beidh siad bunaithe ar chur chuige uile-rialtais; déanfar iad a athbhreithniú, ar bhonn bliantúil ó earrach na bliana 2019 amach, ar bhonn tuarascála ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí;
- iarrann sí go gcuirfí chun feidhme gan mhoill an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta, agus go ndéanfaí tuilleadh dul chun cinn i ndáil le colúin taighde agus chumais an Chiste Eorpaigh Cosanta;
- is díol sásaimh di a bhfuil déanta chun an comhbheartas slándála agus cosanta sibhialtach a neartú; iarrann sí go dtiocfaí ar aon fhocal faoi dheireadh na bliana seo maidir le comhshocrú sibhialtach CBSC, ina mbeadh gealltanais uaillmhianacha ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát, rud a dhéanfaidh creat nua de chuid an Aontais a sholáthar i dtaca le bainistiú géarchéime sibhialtaí agus le misin CBSC. Meabhraítear di nach mór aghaidh chuimsitheach a thabhairt ar na gnéithe míleata agus sibhialta agus díriú ar na spriocanna insoláthartha nithiúla;
- is díol sásaimh di an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le teacht aniar na hEorpa i gcoinne bagairtí hibrideacha, ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha, agus núicléacha, agus iarrann sí go ndéanfaí réim nua de bhearta sriantacha ón Aontas a ghlacadh, a luaithe is féidir, chun aghaidh a thabhairt ar úsáid agus leathadh arm ceimiceach. Ag eascairt as Comhdháil urghnách na Stát is Páirtithe sa Choinbhinsiún um Airm Cheimiceacha, tá gealltanais á thabhairt ag an Aontas go dtacóidh sé le torthaí na comhdhála sin a chur chun feidhme;

- iarrann sí ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún plean gníomhaíochta a thíolacadh faoi mhí na Nollag 2018, i gcomhar leis na Ballstáit agus i gcomhréir leis na conclúidí ó Chomhairle Eorpach mhí an Mhárta 2015, ina mbeidh moltaí sonracha maidir le freagairt chomhordaithe ón Aontas do dhúshlán na bréagaisnéise, lena n-áirítear sainorduithe iomchuí agus acmhainní leordhóthanacha do na foirne ábhartha cumarsáide straitéisí sin de chuid SEGS;
- cuireann sí i bhfios go láidir gur gá an cumas a neartú chun dul i ngleic le bagairtí cibearshlándála as tíortha lasmuigh den Aontas agus iarrann sí ar na hinstitiúidí agus ar na Ballstáit na bearta dá dtagraítear sa Teachtaireacht Chomhpháirteach a chur chun feidhme, lena n-áirítear an obair atá le déanamh i dtaobh milleán a leagan faoi chibearionsaithe agus i dtaobh úsáid phraiticiúil a bhaint as an mbosca uirlisí cibearthaidhleoireachta;
- iarrann sí go ndéanfaí tuilleadh comhordaithe i measc na mBallstát agus, mar is iomchuí, ar leibhéal an Aontais agus i gcomhairle le ECAT, chun an bhagairt a bhaineann le gníomhaíochtaí naimhdeacha intleachta a laghdú;
- iarrann sí go ndoimhneofaí a thuilleadh an comhar idir an tAontas agus ECAT, agus prionsabal na cuimsitheachta, prionsabal na cómhálartachta agus prionsabal neamhspleáchas cinnteoireachta an Aontais á n-urramú go hiomlán, lena n-áirítear de bhíthin Dearbhú Comhpháirteach nua, agus go dtógfaí ar ar baineadh amach agus Dearbhú Comhpháirteach na bliana 2016 (gona ghníomh-mholtaí gaolmhara) á chur chun feidhme;
- is díol sásaimh di go bhfuil rún ag an gCoimisiún togra reachtach a thíolacadh a chuirfidh feabhas ar an gcaoi a ndéantar inneachar a ghríosaíonn daoine chun fuatha agus chun gníomhartha sceimhlitheoireachta a bhrath agus a bhaint.

III. POIST, FÁS AGUS IOMAÍOCHAS

14. Ó tharla glacadh ag an gComhairle Eorpach leis na moltaí comhtháite tír-shonracha a pléadh sa Chomhairle, is féidir bailchríoch a chur anois ar Sheimeastar Eorpach 2018. Ba cheart leas a bhaint as dea-staid reatha an gheilleagair mar threise leis an athchóiriú.
15. Cánachas cóir éifeachtúil a áirithiú – tá an méid sin fós ina thosaíocht lárnach againn. Ní mór, más ea, ar an leibhéal domhanda (go háirithe in OECD) agus laistigh den Aontas – dul sa ghleo go géar grinn i gcoinne na seachanta cánach, na himghabhála cánach, agus na calaoise. Ach ag an am céanna, ní mór i ndáiríre na córais chánachais atá againn a thabhairt chun oiriúna leis an ré dhigiteach. Chuige sin, ba cheart don Chomhairle leanúint dá saothar i dtaca leis na tograí ón gCoimisiún a bhaineann leis an gcánachas digiteach. Ba cheart leanúint den obair ar cé mar is féidir bailiú éifeachtach CBL a áirithiú, lena n-áirítear dul chun cinn mear a dhéanamh i ndáil leis na tograí ón gCoimisiún maidir le bearta gearrthéarmacha.
16. Ó tharla an teannas a bheith ag méadú i réimse na trádála, cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis a thábhachtaí atá sé an córas iltaobhach riailbhunaithe a chaomhnú agus a dhoimhniú. Is é tiomantas an Aontais féachaint leis an gcóras sin a nuachóiriú agus iarrann sé ar na comhpháirtithe go léir a gcion dearfach féin a dhéanamh ar son na sprice sin. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún cur chuige cuimsitheach a mholadh chun feabhas a chur, i gcomhar leo siúd dár gcomhpháirtithe atá ar aon intinn linn, ar fheidhmiú na hEagraíochta Domhanda Trádála i dtaca leis na pointí rithábhachtacha seo a leanas: (i) cúrsaí caibidlíochta a bheith níos solúbtha; (ii) rialacha nua le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin reatha, lena n-áirítear a mbaineann le fóirdheontais tionscail, maoin intleachtúil agus aistrithe éigeantacha teicneolaíochta; (iii) costais trádála a laghdú; (iv) cur chuige nua a bheith againn i leith na forbartha; (v) réiteach díospóidí a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtaí agus níos trédhearcaí, agus an Buanchomhlacht Achomhairc a bheith ina chuid de sin, d'fhonn cothrom na Féinne a áirithiú do chách; agus (vi) an Eagraíocht Dhomhanda Trádála a neartú mar institiúid, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an bhfeidhm trédhearcachta agus faireachais atá aici.

17. Mar chuid dá chlár oibre dearfach don trádáil, leanfaidh an tAontas de chomhaontuithe trádála a chaibidil leis na comhpháirtithe is mó dár gcuid i gceithre corra coiteanna na cruinne. Cuirfear luachanna agus caighdeáin an Aontais chun cinn trí bhíthin na gcomhaontuithe sin agus beidh siad uaillmhianach, cothrom, agus chun leas gach aon chomhpháirtí. Beidh an rialachán maidir le nuachóiriú na n-ionstraimí cosanta trádála, a glacadh le gairid, ina chuidiú chun cothrom na Féinne a thabhairt do chách. Is mian leis an gComhairle Eorpach go nglacfaí a luaithe is féidir an togra reachtach maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche a scagadh.
18. De fhreagairt ar chinneadh na Stát Aontaithe taraifí a fhorchur ar tháirgí cruach agus alúmanaim as an Aontas Eorpach (cinneadh nach inchosanta, ar chor dá laghad, ar fhorais slándála náisiúnta), seasann an Chomhairle Eorpach go huile is go hiomlán leis na bearta athchothromúcháin, leis na bearta coimirce ab fhéidir a thabhairt isteach chun cosanta ár gcuid margaí féin, agus leis na himeachtaí dlíthiúla atá os comhair na hEagraíochta Domhanda Trádála, mar a cinneadh ar thionscnamh ón gCoimisiún. Ní mór don Aontas freagairt do gach gníomhaíocht ar léir gur de chineál caomhnaitheach í; áirítear air sin gach gníomh a chaithfeadh amhras ar an gcomhbheartas talmhaíochta.

IV. AN NUÁLAÍOCHT AGUS CÚRSAÍ DIGITEACHA

19. Ní mór don Eoraip a cuid taighde ardchaighdeáin a fhorbairt a thuilleadh ar fud an Aontais agus táirgí nua, seirbhísí nua, agus múnlaí nua gnó a bhaint as. Teastaíonn éiceachóras uileghabhálach nuálaíochta níos stóinsí uainn chun an nuálaíocht cheannródaíoch – as a n-eascróidh margaí nua – a chothú, agus chun tacaíocht chuimsitheach a thabhairt do ghnólachtaí in-suaiteacha, lena n-áirítear FBManna in-suaiteacha, a mbealach a dhéanamh isteach go rathúil sna margaí domhanda.
20. Tá sé rithábhachtach go dtabharfaí i gcrích na tograí reachtacha atá fanta maidir leis an margadh aonair digiteach sula gcríochnaí an timthriall reatha reachtaíochta. Má táthar le geilleagar Eorpach sonraí a chur ar bun, ní mór tuilleadh oibre a dhéanamh chun feabhas a chur ar úsáid éifeachtach sonraí ar fud an Aontais agus an iontaoibh a chothú trí ardchaighdeáin cosanta sonraí a bheith ann agus tríd an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a chur chun feidhme go hiomlán, agus a fhorghníomhú go comhréireach, i dtaca le gach gníomhaí eacnamaíoch dá mbeidh i mbun gnó i margadh aonair an Aontais. Ní féidir an Intleacht Shaorga a fhorbairt in éagmais sonraí ardchaighdeáin. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na comhreachtóirí scrúdú a dhéanamh láithreach ar an bpacáiste is deireanaí maidir le sonraí. Iarrann sí ar an gCoimisiún oibriú leis na Ballstáit ar phlean comhordaithe um Intleacht Shaorga agus an teachtaireacht is déanaí uaidh a bheith ina bhonn leis sin.
21. Ag teacht leis an bplé neamhfhoirmiúil a bhí ag na Ceannairí i Sóifia, ní shásófar an Chomhairle gan rochtain lucht gnó ar mhaoiniú a fheabhsú, lena n-áirítear trí chomhordú níos fearr a dhéanamh ar scéimeanna agus ionstraimí cistiúcháin taighde agus nuálaíochta an Aontais agus na mBallstát, gan timpeallacht chóiriúil rialála a thacóidh le níos mó den dul sa seans a chur ar fáil, ná gan scileanna digiteacha, naisc idir lucht léinn, lucht tionscail agus lucht rialtais a chur chun cinn. Ba cheart an comhar idir réimsí an taighde, na nuálaíochta agus an oideachais a chur chun cinn, lena n-áirítear trí bhíthin thionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha.
22. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún tionscnamh nua pólótach a sheoladh, as seo go ceann na tréimhse atá fanta in Fís 2020, maidir leis an nuálaíocht cheannródaíoch. Déanfar Comhairle Nuálaíochta Eorpach a chur ar bun mar chuid den chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile chun nuálaíocht cheannródaíoch shuaiteach a shainiú agus a líon a mhéadú.

V. SAINCHEISTEANNA EILE

23. Is díol mór sásaimh don Chomhairle an comhaontú ar tháinig Poblacht iar-Iúglavach na Macadóine agus an Ghréig air faoi shaincheist an ainm, agus tacaíonn sí leis an gcomhaontú sin. Is maith an eiseamláir do thíortha eile sa réigiún an comhaontú sin agus an comhaontú idir an Bhulgáir agus Poblacht iar-Iúglavach na Macadóine i ndáil leis an gConradh Cairdis, Dea-Chomharsanachta agus Comhair, eiseamláir a bheidh le leanúint má tá an dea-chomharsanacht le cothú.
24. Formhuiníonn an Chomhairle Eorpach na conclúidí maidir le méadú agus an próiseas cobhsaíochta agus comhlachais a ghlac an Chomhairle ar an 26 Meitheamh 2018.
25. Is mian leis an gComhairle Eorpach a athdhearbhú go dtacaíonn sí go hiomlán le Rún 2166 ó CSNA maidir le turnamh na heitilte MH-17. Iarrann sí ar Chónaidhm na Rúise a admháil gurb í ba chiontach leis agus comhoibriú go huile agus go hiomlán le gach iarracht atá ar bun chun teacht ar an bhfírinne, ar an gceartas, agus ar an gcuntasacht.
26. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire an pacáiste tograí maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil don tréimhse 2021-2027 a thíolaic an Coimisiún ar an 2 Bealtaine 2018, agus na tograí reachtacha earnála a tíolacadh ó shin le haghaidh cláir a thacaíonn le beartais Eorpacha. Iarrann sí ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle na tograí sin a scrúdú go cuimsitheach a luaithe is féidir.